

Eleathanach 275

Dé Luain 6 Samhain 2017

Cairde na Filíochta

I mí Aibreáin bhí cailín darb ainm Sophie ar saoire i bPáras. Is as an mBreatain í. Bhí Sophie an-tógtha leis an Túr Eiffel nuair a chonaic sí é.

Scríobh sí dán i mBéarla faoin Túr Eiffel. *Centre of Attention* an teideal atá air. Chuir sí an dán chuig an Elysée, áit a gcónaíonn Uachtarán na Fraince, Emmanuel Macron.

Bhí a breithlá ag Sophie le déanaí. Baineadh geit an-mhór aisti nuair a fuair sí bronntanas an-speisialta ar an lá - dán ón Uachtarán Macron!

Ba i bhFraincis a scríobh sé a fhreagra fileata, agus d'aistrigh Ambasáid na Fraince i Londain é go Béarla. Tá fáil ar an dá dhán ar an Idirlión más mian leat iad a léamh.

<http://www.bbc.com/news/world-europe-41846235>



Is é seo Uachtarán na Fraince. Emmanuel Macron is ainm dó.

Curiarracht Nua Eile ag Celtic FC

Tá clú agus cáil ar an gclub sacair Celtic FC. Tá siad lonnaithe i nGlaschú, cathair mhór in Albain. Imríonn siad a gcluichí baile in Celtic Park. *Paradise* an leasainm atá ar an staid sin. Is é Brendan Rodgers ó Chontae Aontroma bainisteoir Celtic.

Dé Sathairn bhuaigh siad ar St Johnstone leis an scór 4-0. Sin an tríú cluiche is seasca as a chéile nach bhfuil cailte acu i gcoinne foirne as Albain.

Níl gaisce cosúil leis sin déanta ag aon fhoireann eile sa Bhreatain. Roimhe sin bhí an curiarracht ag 62 cluiche. Agus cé a rinne an éacht sin? Celtic FC sa bhliain 1917 - céad bliain ó shin!

Tá sé bliain go leith anois ó chaill siad cluiche i gcoinne aon fhoireann Albanach eile. Agus san Eoraip iomlán níl ach dhá fhoireann eile ann a rinne níos fearr ná sin.

XFactor

Tá X Factor ar ais ar an teilifís. Is iad Nicole, Simon, Louis agus Sharon na moltóirí i mbliana. Tá an-áthas ar Louis Walsh toisc go bhfuil ag éirí go maith leis na buachaillí ó Éirinn.

Is deartháireacha iad Conor agus Seán Price. Tá Seán seacht mbliana déag d'aois. Tá Conor cúig bliana déag d'aois. Tá cónaí orthu i mBaile Coimín i mBaile Átha Cliath. Is breá leo bheith ag canadh. Chan siad go leor amhrán ar Shráid Grafton i mBaile Átha Cliath.

Chan siad an t-amhrán 'Cheap Thrills' ar an gclár Dé Sathairn. Tá Simon Cowell ag cabhrú le Seán agus le Conor. Is breá leis na buachaillí an seó agus an teach nua. Tháinig a dtuismitheoirí chuig an seó beo agus bhí an-áthas orthu freisin. Tá súil againn go mbeidh an bua acu! Go n-éirí libh!

